View in browser

05 Lúnasa 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 60





## EAGRÁN 60 - COMÓRTAS!

Le ceiliúradh a dhéanamh ar Eagrán 60 den nuachtlitir, tá comórtas á reáchtáil againn lenár gcairde in Óstán na Mara, sna Forbacha. Ba bhreá linn dearbhán iontach a bhronnadh ar bhuaiteoir le go mbeidh siad in ann fanacht ag an óstán i gcomhair dhá oíche, agus dinnéar álainn a bheith acu ar oíche amháin. Le cur isteach ar an gcomórtas, níl le déanamh ach sínigh suas le go dtiocfaidh an nuachtlitir chugat chuile sheachtain - foirm le fáil anseo agus 'like' a thabhairt do chuntas an óstáin ar Facebook - le fáil anseo! Fógrófar buaiteoir an chomórtais an tseachtain seo chugainn in Eagrán 61. Go n-éirí libh!







## LÓISTÍN LURGAN

Tá feachtas ar bun ag an ngrúpa **Lóistín Lurgan** le feasacht a scaipeadh maidir leis an achrann faoi fhorbairt Ionad Óige agus Pobail ar láthair Choláiste Lurgan in Indreabhán. Tá amhras faoi láthair nach gcríochnófaí athfhorbairt an Ionaid Óige agus Pobail faoin mbliain 2023, mar a bhí geallta, agus gurb iad mná tí an cheantair a bheidh thíos leis. Dúradh go bhfuil iarrachtaí déanta eadránaí a cheapadh le teacht ar réiteach go bhféadfaí leanúint leis an athfhorbairt ach níl a leithéid tarlaithe go fóill. Mar chuid den bhfeachtas, tá taetuáillí crochta ag

mná tí an cheantair lasmuigh den choláiste mar shiombal de na 58 teach lóistín sa cheantar. Cuirfear fáilte roimh thacaíocht an phobail ach taetuáille a chrochadh, pictiúr a thógaint agus é a roinnt ar na meáin shóisialta leis an haischlib #loistinlurgan







## FOLÚNTAS AG COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA

Tá Comhar Naíonraí na Gaeltachta sa tóir ar Oibrí Tacaíochta i Naíonra Ros an Mhíl, do phost páirt-aimseartha, ó Luan go hAoine. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 i gCúram Leanaí (QQI/ FETAC nó a chomhionann) a bheith acu, agus taithí ag obair le páistí faoi chúig bliana d'aois, chomh maith le taithí a bheith ag obair mar chuid d'fhoireann. Tá líofacht sa nGaeilge riachtanach don phost seo. Le cur isteach ar an bpost, ní mór litir iarratais, chomh maith le CV a sheoladh chuig am@cnng.ie nó Áine Máire Ní Churraoin, Comhar Naíonra na Gaeltachta, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe. Glacfar le hiarratais suas go dtí an Aoine 6ú Lúnasa. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le Comhar Naíonraí na Gaeltachta ag 091 595 337.

## COGADH NA SAOIRSE

Tuairiscíodh le gairid go mbeidh seilbh á ghlacadh ag Fíbín ar amharclann náisiúnta na Gaeilge, An Taibhdhearc, ar feadh tréimhse 3 bliana. An chéad léiriú atá beartaithe ag 'Fíbín sa Taibhdhearc' ná **Cogadh na Saoirse**, mórléiriú thar 14 stáitse i ngarraí mór ar chúl ionad Fíbín i mBaile na hAbhann. Beidh an léiriú seo mar chuid den Galway International Arts Festival. Tá deis ag an bpobal a bheith páirteach sa léiriú seo agus tá Fíbín ag lorg daoine idir óg agus aosta le páirt a ghlacadh ann. Le suim a léiriú, nó le tuilleadh eolais a fháil, is féidir teachtaireacht a sheoladh chuig eolas@fibin.com Is féidir leat do thiceád a fháil anseo.




## DEARADH NUA AG AN BHFÁINNE ÓR

Tá an Fáinne Ór ar fáil anois, ar slabhra. Tá líon teoranta ar fáil faoi láthair ó An Siopa Leabhar. Tá dhá rogha slabhra ar fáil - 20" agus 24"- ní ghá an fáinne a bhogadh ó chulaith go cóta a thuilleadh! Is féidir slabhra a cheannach anseo.












## PAINÉAL TEAGASCÓIRÍ EALAÍN NA GAELTACHTA

Tá Ealaín na Gaeltachta ag cur painéal teagascóirí le chéile a mbeadh suim acu ranganna sna healaíona dúchasacha (ceol, damhsa, lúibíní agus agallamh beirte, amhránaíocht) a sholáthar trí mheán na Gaeilge, i nGaeltacht Chonamara agus Árann, idir Mí Meán Fómhair 2021 agus Mí Meithimh 2022. Má tá suim agat a bheith ar an bpainéal déan teagmháil le Beartla nó Máire ag ealain@udaras.ie


## FOLÚNTAS LE POTA

Tá POTA sa tóir ar dhaoine le spéis acu sa bhia, sa phobal agus san inmharthanacht le bheith mar chuid dá bhfoireann. Tá sé mar sprioc ag POTA láthair oibre dearfach agus tacúil a chur ar fáil, áit go gcuirfear oiliúint agus traenáil ar fáil do chuile bhall foirne. Tá an caifé sa tóir ar bhainisteoir urláir, ar fhreastalaithe, chócaire agus chúntóir cistine ar bhonn lán-aimseartha faoi láthair. Le spéis a léiriú, is féidir CV a sheoladh chuig potacafe@gmail.com, nó is féidir glaoch a chur ar Dhiarmuid @ 086 193 2318.

## COMÓRTAS LEABHAR NA GAEILGE

Tá comórtas á reáchtáil ag Foras na Gaeilge inar féidir cóip den leabhar: *Inní* le Réaltán Ní Leannáin a bhuachan. Foilsithe ag Éabhlóid, cnuasach de ghearrscéalta atá sa leabhar ina bhfuil réimse ábhar éagsúil pléite ann - foréigean agus teannas polaitiúil, cúrsaí teaghlaigh

chomh maith le soineantacht na hóige. Is féidir cur isteach ar an gcomórtas anseo. Go n-éirí libh!




## SIÚLÓID I SEANADH MHACHA

Tá siúlóid á reáchtáil i Seanadh Mhacha ar an Domhnach 15ú Lúnasa @ 12 meánlae. Tá portach Sheanadh Mhacha suite ar an taobh thoir thuaidh de Chasla, áit atá iontach le haghaidh siúlóidí agus spaisteoireacht. Tá dromchla nua gainimh ann agus suíocháin suite anseo is ansiúd. Siúlóid éasca, réidh atá i gceist a thógfaidh thart ar dhá uair an chloig. Ní mór éadaí báistí, uisce agus ceapairí a thabhairt leat ar an lá. Baileofar le chéile i gcarrchlós an Eastáit Tionsclaíochta de chuid Údarás na Gaeltachta i gCasla sula gcuirfear tús leis an siúlóid ag 12. Cuirfear fáilte mhór roimh foghlaimeoirí Gaeilge, mar aon le cainteoirí líofa.

## SUAITHEANTAIS DO GHNÓTHAÍ CHOIS FHARRAIGE

Tá suaitheantais i nGaeilge á soláthar ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige do ghnóthaí agus d'eagraíochtaí an cheantair. Tá na suaitheantais bunaithe ar an gcóras soilse tráchta a thugann le fios don phobal go bhfuil Gaeilge ag an bhfoireann nó go bhfuil baill foirne ag foghlaim na Gaeilge. Dearadh na suaitheantais le custaiméirí a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid nó triail a bhaint aisti agus seirbhísí an cheantair á n-úsáid acu. Tá 'Gaeilge agus Fáilte' ar an suaitheantas glas, 'Tá cúpla focal agam' ar an suaitheantas oráiste agus 'Is foghlaimeoir Gaeilge mé' ar an suaitheantas dearg. Is féidir suaitheantais a fháil le haghaidh do ghnó nó d'eagraíocht ach teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag optchoisfharraige@gmail.com nó ar a gcuntas Facebook - ar fáil ag Pleanáil Teanga Chois Fharraige.








Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta

mailer lite